Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí

Polasaí um Riachtanais Speisialta

Tá sé mar aidhm ag an gcáipéis polasaí seo cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirtear tacaíocht oideachais bhreise ar fáil sa scoil do dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais (SEN) acu agus ar an bhfealsúnacht atá taobh thiar de.
Ba cheart glacadh leis an bpolasaí seo mar cháipéis oibre agus ba cheart go ndéanfaí athbhreithniú uirthi ar bhonn bliantúil.

1. Scóp an Pholasaí
Baineann an polasaí seo le gach dalta atá ag freastal ar Choláiste an Eachréidh agus a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

2. UILECHUIMSITHEACHT
Fáiltíonn Coláiste an Eachréidh roimh dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu agus aithníonn sé, mar atá ráite san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu (2004)

"The education of people with SEN shall take place in an inclusive environment with those who do not have such needs",

Tá réasúnaíocht an pholasaí seo bunaithe ar na prionsabail atá leagtha amach san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu ina sonraítear:

"People with SEN shall have the same right to avail of and benefit from, appropriate education as do their peers", agus

"That people with SEN leave school with the skills necessary to participate, to the level of their capacity, in an inclusive way in the social and economic activities of society and to live independent and fulfilled lives."

Tuigtear i gColáiste an Eachréidh a thábhachtaí is atá sé fadhbanna foghlama agus riachtanais speisialta a aithint chomh luath agus is féidir sa chóras oideachais agus chuige sin, déanaimid gach iarracht a chinntiú go dtabharfar an tacaíocht chuí do na daltaí ar fad atá faoinár gcúram, go háirithe iad siúd a bhfuil fadhbanna foghlama nó riachtanais speisialta acu.

Tá gach duine sa phobal scoile luachmhar agus tá sé tábhachtach go bhfaigheann gach duine an deis barr a chumais féin a bhaint amach. Tuigeann an scoil go bhfuil difríochtaí idir daltaí agus go gcuireann na difríochtaí sin le saibhreas agus le héagsúlacht an phobail scoile. Is fearrde pobal an Choláiste gach uile dhalta sa scoil. Tá an polasaí seo ag teacht le sainmheon an Choláiste mar atá leagtha síos i Ráiteas Misin an Choláiste :

'I gColáiste an Eachréidh déantar gach dícheall timpeallacht thaitneamhach, shlán, shábháilte a chur ar fáil ina ndéantar oideachas trí mheán na Gaeilge a sholáthar. Dírítear aird ar fhorbairt acadúil, shóisalta agus chultúrtha na scoláirí agus déantar gach iarracht iad a oiliúnt le bheith ina saoránaigh measúla, réasúnacha, fiúntacha.'

3. Aidhmeanna agus Cuspóirí
Tá sé de dhualgas orainn ár bhfreagrachtaí faoin Acht Oideachais 1998, an tAcht um Stádas Comhionann 2000 agus 2004, an tAcht Oideachais (Leasú) 2000 agus an tAcht Oideachais do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 (EPSEN) a chomhlíonadh.

Mar atá sonraithe sna hAchtanna sin, tá sé mar aidhm ag Coláiste an Eachréidh:

- Éifeacht phraiticiúil a thabhairt do chearta bunreachtúla leanaí a bhfuil míchumas acu nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais eile acu, de réir mar a bhaineann na cearta sin le hoideachas.

- Leibhéal agus caighdeán oideachais atá ag teacht le riachtanais agus cumais gach dalta sa scoil a chur ar fáil, a mhéid is atá praiticiúil agus is atá na hacmhainní ar fáil.

- Cinntiú go gcuirfí oideachas ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i dtimpeallacht uilechuimsitheach, a mhéid agus is féidir.

- Dearbhú go bhfuil an ceart chéanna ag daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu leas agus tairbhe a bhaint as oideachas is atá ag daltaí nach bhfuil na riachtanais sin acu.

- Soláthar a dhéanamh do rannpháirtíocht tuismitheoirí in oideachas a ndaltaí agus sa phróiseas cinnteoireachta maidir lena ndaltaí.

- Comhoibriú leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) agus le gníomhaireachtaí eile maidir le hoideachas daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

- Cinntiú go n-aithneofar daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus go ndéanfar freastal orthu ar bhealach cothrom ionas go bhforbrófar agus go léireofar meas ar a n-acmhainneacht foghlama agus a mbraistint féin-mheasa agus dínite.

- Cinntiú go bhfuil gach ball foirne ar an eolas faoi na riachtanais speisialta oideachais atá ag daltaí agus faoin gcion tairbhe is féidir leo a dhéanamh maidir leo.

- Cinntiú nach ndéileálfar le riachtanais speisialta oideachais leo féin ach go gcaithfear leo i gcomhthéacs na scoile agus an phobail ina iomlán.

- Cinntiú go dtairgfear curaclam leathan, meáite agus éagsúlaithe do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus go ndéanfar freastal orthu ar bhealach uilechuimsitheach.

- Caighdeáin arda a shocrú do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus treoir chuí agus spreagadh a thabhairt dóibh a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach.

- Saineolas foirne a fhorbairt chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

- Páirtnéireachtaí dearfacha a spreagadh agus a chothú le tuismitheoirí d'fhonn leibhéal tacaíochta cuí a bhaint amach sa bhaile agus sa scoil.

- Comhairle, treoir agus tacaíocht gníomhaireachtaí eile a chomhordú chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

- Cinntiú go mbainfí úsáid as acmhainní ar bhealach éifeachtach.

- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na gcleachtas atá ann chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Dréachtaíodh an polasaí seo i gcomhthéacs na gCiorclán a bhfuil cur síos orthu thíos agus i gcomhthéacs na dtreoirlínte atá foilsithe ag an tSeirbhís Tacaíochta um Riachtanais Speisialta Oideachais, an Bille um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2003 chomh maith le treoirlínte maidir leis an bPróiseas do Phleananna Oideachais don Dalta Aonair (IEP) 2006.

_ M10/94
_ S70/00
_ S11/00
_ M37/03
_ PPT06/04
_ M1/05
_ PP1/05
_ TESO7/05
_ TESO8/05
_ TESO9/05
_ PPT12/05
_ M14/05
_ M23/05

4. Catagóirí Riachtanais Speisialta Oideachais

Tá freastal déanta chun dáta ag an scoil ar na catagóirí dalta seo a leanas a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu:

- Daltaí a bhfuil Tacaíocht Foghlama ag teastáil uathu
- Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom
- Deacrachtaí Mothúchánacha / Iompair —ADD/ADHD

- Deacracht Shainiúil Foghlama—Disléicse
- Míchumais fhisiciúla—Diospraicse
- Laguithe éisteachta
- Neamhord Próiseála Chéadfaí
- Gortú Inchinne Faighte
- ASD [Uathachas / Neamhord Speictream Uathachais (e.g. Siondróm Asperger)]

Anuas ar na catagóirí sin, tuigimid freisin go bhfuil na catagóirí Riachtanais Speisialta Oideachais seo a leanas ann de réir ***ciorclán 08/02***:

- Neamhoird Urlabhra agus Teanga
- Míchumas Foghlama Ginearálta Éadrom Teorannach
- Míchumas Foghlama Ginearálta Meánach
- Dian-Mhíchumas Trom Foghlama Ginearálta
- Míchumais fhisiciúla
- Riachtanais speisialta oideachais ag éirí as siondróm measúnaithe
- Míchumais iomadúla
- Lagú Amhairc

5. Róil agus Freagrachtaí

5 (a) Ról an Bhoird Bainistíochta

• Cinntiú go n-aithneofar agus go ndéanfar measúnú ar gach dalta a bhfuil tacaíocht foghlama ag teastáil uathu nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

• Cinntiú go bhfuil polasaí maidir le riachtanais speisialta oideachais ag an scoil, go ndéanfar monatóireacht ar fhorfheidhmiú an pholasaí sin agus go ndéanfar measúnú air.

• Cinntiú go gcuirfear curaclam leathan, meáite agus éagsúlaithe ar fáil sa scoil chun a chinntiú, a mhéid agus is féidir, go bhfágfaidh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu an scoil leis na scileanna riachtanacha chun a bheith páirteach sa tsochaí ag an leibhéal cuí dá n-inniúlacht.

• Cinntiú go lorgófar na hacmhainní atá riachtanach thar ceann daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

• Cinntiú go gceapfar duine/daoine ón bhfoireann múinteoireachta mar chomhordaitheoir(í) riachtanais speisialta oideachais.

• Forbairt páirtnéireachtaí dearfacha le tuismitheoirí agus le gníomhaireachtaí/pearsanra ábhartha eile a chur chun cinn agus cinntiú go gcuirfear tuismitheoirí ar an eolas maidir le riachtanais speisialta oideachais a linbh agus faoin gcaoi a bhfuil na riachtanais sin á gcomhlíonadh.

• Cinntiú go rachfar i gcomhairliúchán le tuismitheoirí maidir le gach cinneadh suntasach a dhéanfar i ndáil le hoideachas a linbh, agus go dtabharfar cuireadh dóibh a bheith páirteach sna cinntí sin.

• Cinntiú go mbeidh an Polasaí Riachtanais speisialta oideachais ina chuid de phlean na Scoile

• Cur chuige sa scoil uile a fhorbairt i ndáil le litearthacht agus uimhearthacht de réir Alt 14 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004.

• Cinntiú go gcothófar feasacht maidir le riachtanais speisialta oideachais i measc dhaltaí na scoile.

5 (b) Ról an Phríomhoide

Is é an Príomhoide atá freagrach as gach gné de bhainistíocht laethúil polasaí agus soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu thar ceann Bhord Bainistíocha Choláiste an Eachréidh. D'fhéadfadh an Príomhoide feidhmeanna áirithe a tharmligean do mhúinteoirí cuí (mar atá sonraithe in Alt 18 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004).

• Comhordaitheoir(í) Riachtanais speisialta oideachais a cheapadh ón bhfoireann múinteoireachta agus oibriú as lámha a chéile leis an gcomhordaitheoir/na comhordaitheoirí.

• Cinntiú go n-ullmhófar, i gcomhairliúchán leis an gComhordaitheoir/na Comhordaitheoirí Riachtanais Speisialta Oideachais, Plean Oideachais don Dalta Aonair do dhaltaí ábhartha laistigh den chreat ama atá sonraithe (e.g. mí amháin ón dáta a eisítear measúnú cuí).

• Nuair atá a leithéid de phleananna á ndréachtadh agus/nó á n-athbhreithniú, cinnteoidh an Príomhoide go dtabharfar aitheantas, ag an am cuí, do riachtanais an dalta, leanúint lena (h)oideachas nó oiliúint nuair a théann siad in aois.

• An Bord Bainistíochta a chur ar an eolas maidir le saincheisteanna atá ábhartha do riachtanais speisialta oideachais.

• Teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le riachtanais agus soláthar, i gcomhairliúchán leis an gComhordaitheoir/na Comhordaitheoirí Riachtanais Speisialta Oideachais agus le pearsanra ábhartha eile. Áirítear leis seo freisin iarratais ar oiriúntais agus díolúintí réasúnta i ndáil le scrúduithe stáit chomh maith le measúnuithe.

• Cinntiú go mbainfear an úsáid is éifeachtaí as acmhainní, lena n-áirítear leithdháileadh uaireanta acmhainne agus cistí.

•'***Foireann Tacaíochta do Riachtanais Speisialta***' a bhunú a mbeidh saindualgas uirthi cinntiú go n-aithneofar daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus go dtabharfar tacaíocht dóibh.

• Cur chuige sa scoil uile a chur chun cinn maidir le riachtanas oideachais speisialta, gach ball foirne a chur ar an eolas faoina ndualgais sa réimse sin agus forbairt foirne chuí a éascú sa réimse sin.

• Forbairt páirtnéireachtaí dearfacha a spreagadh le tuismitheoirí daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

• Cinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le haghaidh comhairliúcháin le bunscoileanna friothálacha i ndáil le rollú daltaí nua a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

5 (c) Ról na Foirne Tacaíochta Riachtanais speisialta oideachais

An Fhoireann Tacaíochta Riachtanais speisialta oideachais:-

- Príomhoide/Leas-Phríomhoide - Brian Ó Maoilchiaráin, Seán Ó Mainnín
- Múinteoir Acmhainne/ Múinteoir(í) Tacaíochta Foghlama- Marie Uí Dhufaigh & Siobhan Uí Chuinneagáin
- Oidí Ranga

Féachann an scoil le húinéireacht scoile uile a chruthú maidir le bainistiú a dhéanamh ar Riachtanais Speisialta Oideachais trí obair na Foirne Tacaíochta Riachtanais Speisialta Oideachais. Tá ról lárnach ag an bhFhoireann Tacaíochta Riachtanais Speisialta Oideachais ó thaobh measúnú a dhéanamh ar chleachtas agus ar nósanna imeachta a bhaineann le Riachtanais Speisialta Oideachais.

Aithníonn an Coláiste go mbaineann tábhacht faoi leith le hathbhreithniú agus forbairt a dhéanamh ar a chleachtais maidir le:

Rochtain a fháil ar fhaisnéis ábhartha faoi gach dalta a thagann isteach sa scoil

An chaoi a mbaintear úsáid as torthaí measúnuithe, lena n-áirítear na Tástálacha Cumais Chognaíoch agus Scóir DAT

Tástáil litearthachta agus uimhearthachta do dhaltaí sa tSraith Shóisearach

Cóiríocht do dhaltaí atá Níos Cumasaí

5 (d) Ról na gComhordaitheoirí Riachtanais Speisialta Oideachais

Tá beirt mhúinteoirí cáilithe i gColáiste an Eachréidh againn faoi láthair, Marie Uí Dhufaigh agus Siobhan Uí Chuinneagáin, a bhfuil Dioplóma i Riachtanais speisialta oideachais acu. Múineann an bheirt acu ábhair phríomhshrutha freisin. Anuas air sin, úsáideann an Coláiste Múinteoirí Ábhair eile chun uaireanta breise 'tacaíocht in-ranga' a sholáthar. Tá an bheirt mhúinteoirí ag feidhmiú le chéile faoi láthair mar Chomhordaitheoir Riachtanais Speisialta Oideachais.

Cuireann an Comhordaitheoir Riachtanais Speisialta Oideachais amchlár ar a dtugtar sonraí faoi mhúinteoirí 'tacaíocht in-ranga' do gach dalta a bhfuil uaireanta acmhainne leithdháilte air nó uirthi. Tá ainm an mhúinteora acmhainne leithdháilte ar an amchlár seo agus tá an t-amchlár ar fáil i bhfillteán roinnte slán ar chóras na scoile, áit ar féidir leis an bhfoireann mhúinteoireachta féachaint air.

Tá freagracht ar an múinteoir acmhainne freisin bualadh le tuismitheoirí agus comhairle a chur orthu agus bualadh le proifisiúnaithe ábhartha.

I measc dhualgais an phoist, áirítear na cinn seo a leanas:

- Comhordú na bPleananna Oideachais do Dhalta Aonair (IEP). Déantar athbhreithniú ar na dualgais seo go rialta agus d'fhéadfaidís athrú chun a chinntiú go gcomhlíonfaí riachtanais tosaíochta na Foirne Tacaíochta Riachtanais Speisialta Oideachais.
- Tabharfaidh na Comhordaitheoirí Riachtanais Speisialta Oideachais tuairisc chun dáta don fhoireann mar chuid den phróiseas ionduchtaithe ag tús na Scoilbhliana.

Pleananna Oideachais don Dalta Aonair

Plean Oideachais don Dalta Aonair
Áirítear le Plean Oideachais don Dalta Aonair:

- Sonraí pearsanta/cúlra
- Sonraí oideachais (sonraí bunscoile / sonraí maidir le measúnú agus tacaíocht foghlama)
- Nádúr & Céim an Riachtanais Speisialta Oideachais
- An chaoi a n-imríonn na riachtanais sin tionchar ar fhorbairt oideachais
- Torthaí tástála foirmeálta
- Próifíl ghinearálta bunaithe ar mheasúnú foirmeálta/neamhfhoirmeálta e.g.
    - Scileanna litearthachta agus uimhearthachta
    - Scileanna sóisialta agus cumarsáide
    - An cumas cloí le rialacha an ranga
- Inniúlachtaí, scileanna agus spéiseanna
- Tacaí scrúduithe atá ag teastáil
- Na seirbhísí tacaíochta atá i gceist
- Tá an cháipéisíocht ábhartha istigh leis an bPlean freisin

Plean Foghlama don Dalta Aonair (ILP)
Tar éis don Phlean Oideachais don Dalta Aonair/Próifíl Dalta a bheith déanta, cuireann na múinteoirí Riachtanais speisialta oideachais clár oibre praiticiúil i dtoll a chéile. Leagann an clár oibre seo amach na spriocanna gearrthéarmacha atá ag teastáil chun riachtanais foghlama na ndaltaí a chomhlíonadh mar atá sonraithe sa Phlean Oideachais don Dalta Aonair. Déanann múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta Oideachais ionchur ar na cláir seo freisin. Táthar ag súil go mbeidh tuismitheoirí páirteach sa phróiseas Plean Foghlama don Dalta Aonair freisin.

Scríobhtar Plean Foghlama don Dalta Aonair do gach dalta atá ag fáil Tacaíocht Acmhainne/Foghlama gach téarma agus tá cóip ar fáil i gcomhad gach dalta aonair.

Áirítear le gach scéim oibre:

- Spriocanna
- Straitéisí/Acmhainní atá á n-úsáid
- Dul chun cinn/Torthaí

Is cuid de Phlean Oideachais don Dalta Aonair an Plean Foghlama don Dalta Aonair.

5 (e) Ról na Múinteoirí Ábhar

Is faoin múinteoir ranga atá sé ar an gcéad dul síos féachaint do dhul chun cinn acadúil daltaí na scoile. Chun a chinntiú go gcomhlíonfaimid, mar scoil, riachtanais ár ndaltaí ar fad, tugtar spreagadh do mhúinteoir na nithe a leanas a dhéanamh:

• A bheith ar an eolas faoi pholasaí agus nósanna imeachta na scoile (mar atá curtha síos orthu sa cháipéis seo) chun déileáil le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

• Comhairle a iarraidh ón bhFoireann Tacaíochta Riachtanais Speisialta Oideachais maidir le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

• Freagracht a ghlacadh as a bhforbairt phroifisiúnta leanúnach féin, go háirithe maidir le deacrachtaí coitianta e.g. Disléicse agus Sain-Deacrachtaí Teanga.

• Meon úinéireachta a fhorbairt i ndáil le hoideachas daltaí ina ranganna a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu.

• Sa chás go bhfuil Cúntóir Riachtanas Speisialta ag dalta, ba cheart don mhúinteoir ranga pleanáil a dhéanamh don chaoi is fearr gabháil go héifeachtach leis an gCúntóir Riachtanas Speisialta i gcomhairliúchán leis an múinteoir acmhainne nó an Comhordaitheoir Cúntóir Riachtanas Speisialta.

• Tacú le/spreagadh a thabhairt do neamhspleáchas an dalta. Baineann tábhacht faoi leith leis seo do dhaltaí sa tSraith Shinsearach.

Ní mór do mhúinteoirí ábhair féachaint go cuí do chearta daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Aithníonn an scoil gurb é dualgas proifisiúnta gach múinteoir ábhair é tacaíocht a thabhairt do na daltaí seo trí úsáid a bhaint as na straitéisí a bheidh curtha ar fáil dóibh.

5 (f) Ról an Mhúinteora Tacaíochta Foghlama / Acmhainne

De réir Ciorclán *08/02*, is é ról an mhúinteora acmhainne tacaíocht a chur ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu mar atá liostáilte sa chiorclán. Tá an múinteoir acmhainne freagrach as

- riachtanais agus dul chun daltaí a mheas agus a thaifeadadh
- spriocanna sonracha a shocrú
- cabhrú le múinteoirí glacadh leis an gcuraclam. (Is féidir leis an múinteoir acmhainne, nuair is cuí, comhairle a chur ar fáil do mhúinteoirí ábhair maidir leis na modheolaíochtaí is fearr a fheileann don dalta).
- D'fhéadfadh sé tarlú in amanna nach tarraingt siar ón seomra ranga an bealach is feiliúnaí chun tacú leis an dalta. D'fhéadfadh an múinteoir acmhainne agus an múinteoir ábhair an cinneadh a dhéanamh sna cásanna sin go mbeadh tairbhe oideachais níos fearr as ***'tacaíocht in-ranga'***.
- Tugann an múinteoir acmhainne múinteoireacht go díreach do dhalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, bíodh sé chun an fhoghlaim sa seomra ranga a threisiú nó chun chun feabhas a chur ar na bunscileanna a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun dul i ngleic leis an gcuraclam ag an dara leibhéal.

De réir ***(na dTreoirlínte Tacaíochta Foghlama 2000)***, is é an ról atá ag an **múinteoir Tacaíochta Foghlama** tacú leis na riachtanais **litearthachta agus uimhearthachta** atá ag daltaí. Tá an múinteoir Tacaíochta Foghlama freagrach as

- Measúnú diagnóiseach a dhéanamh ar dhaltaí atá ag fáil tacaíocht foghlama go tráthrialta chun breithmheas a fháil ar a staid reatha, ar an dul chun cinn atá déanta acu agus chun cinneadh a dhéanamh (i gcomhpháirtíocht le páirtithe ábhartha eile) faoin gcaoi ar cheart agus ar féidir tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh.
- Pleanáil clár
- Comhairliúchán le tuismitheoirí, múinteoirí agus daltaí
- Cumarsáid leis an bhfoireann uile
- Daltaí a mhúineadh, monatóireacht a dhéanamh orthu agus a ndul chun cinn a mheas.

Ba cheart do na múinteoirí Acmhainne/Tacaíochta Foghlama agus na múinteoirí ábhair oibriú le chéile chun a chinntiú go dtacófar le daltaí chomh héifeachtach agus is féidir.

5 (g) Ról an Chúntóra Riachtanas Speisialta

Tugann an Cúntóir Riachtanas Speisialta cúnamh cúraim do dhaltaí ainmnithe a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Déanann siad cion tairbhe luachmhar do chumas na scoile oideachas uilechuimsitheach a sholáthar do na daltaí seo.

Oibríonn an Fhoireann Riachtanais Speisialta Oideachais as lámha a chéile le múinteoirí ábhair chun plean straitéise cuí a bheartú do dhalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Cuirtear an Cúntóir Riachtanas Speisialta ar an eolas faoin bplean sin agus tugtar treoir dóibh faoin ról atá acu i bhforfheidhmiú an phlean seo.

Tá ról tábhachtach ag an gCúntóir Riachtanas Speisialta maidir le sláinte agus sábháilteacht an dalta agus maidir lena bhforbairt shóisialta, mhothúchánach agus oideachais. Tá sé tábhachtach go dtabharfadh an Cúntóir Riachtanas Speisialta tacaíocht do rannpháirtíocht an dalta i saol na scoile gan cultúr spleáchais a fhorbairt.

Tá tascanna nach mbaineann le múinteoireacht i gceist le dualgais na gCúntóirí Riachtanas Speisialta cosúil le:

• Freastal ar chruinnithe Foirne agus Roinne nuair is cuí.

• Cabhrú le daltaí / feidhmiú mar choimhdire dóibh ar thurais scoile.

• Cúnamh speisialta, mar is gá, a thabhairt do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí faoi leith acu e.g. ag cabhrú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu le clóscríbhneoireacht, le scríbhneoireacht nó le húsáid trealaimh eile.

• Cúnamh a thabhairt le héadaí, beathú, dul chuig an leithreas agus le sláintíocht ghinearálta, agus a bheith aireach ar riachtanais sláinte agus sábháilteachta an dalta.

• Cúnamh a thabhairt le scrúduithe (más cuí).

• Cúnamh a thabhairt do na múinteoirí le maoirsiú daltaí i rith tionóil, caithimh aimsire agus nuair ata siad ag athrú ó sheomra ranga amháin go ceann eile.

• Daltaí aonair nó grúpaí beaga a d'fhéadfadh a bheith tarraingthe siar ón seomra ranga ar bhonn sealadach a thionlacan. Níor cheart iarraidh ar Chuntóir Riachtanas Speisialta dalta a tharraingt amach as seomra ranga murar straitéis í ar aontaigh an Fhoireann Tacaíochta Riachtanais speisialta oideachais uirthi. Beidh múinteoirí curtha ar an eolas ina leithéid de chás.

• Cúnamh ginearálta nach mbaineann le múinteoireacht a thabhairt don mhúinteoir ábhair, faoi stiúir an Phríomhoide/Leas-Phríomhoide. Ní ceadmhach do Chúntóirí Riachtanas Speisialta feidhmiú mar múinteoirí ionaid nó mar mhúinteoirí sealadacha. Níl sé ceadaithe i gcúinse ar bith iad a fhágáil i gceannas ar rang leo féin.

• Páirt a ghlacadh i bpleanáil forbartha scoile, nuair is cuí, agus comhoibriú le haon athrú dá leithéid ar pholasaithe agus ar chleachtais a éiríonn as an bpróiseas forbartha scoile.

• Gabháil le tuismitheoirí daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu i struchtúir fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta de réir mar a éilíonn agus mar a threoraíonn bainistíocht na scoile.

• Dualgais chuí eile a chinnteofar i bhfianaise riachtanais na ndaltaí agus na scoile.

D'fhéadfaí Cúntóirí Riachtanas Speisialta a shannadh ar obair chuí eile nuair atá daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu as láthair nó nuair a thagann obair a bhfuil práinn faoi leith ag baint léi chun cinn.

• Déantar talamh slán de go gcaithfidh Cúntóirí Riachtanas Speisialta le gach ní a bhaineann le gnó na scoile agus lena n-obair mar ábhar rúnda.

6 (a) Aistriú ón mBunscoil

Téann na Comhordaitheoirí Riachtanais Speisialta / an Príomhoide i dteagmháil leis na Bunscoileanna friothálacha sula dtéann an dalta isteach i gColáiste an Eachréidh. Féachann an scoil ar an teagmháil seo mar chéim thábhachtach in aithint chruinn na ndaltaí sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus i soláthar cúram dóibh ar bhonn leanúnach.

Socraítear cuairteanna do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nuair is féidir sula n-aistríonn siad go Coláiste an Eachréidh.

Cabhraíonn an fhaisnéis a fhaightear ó na Bunscoileanna agus ó na tuismitheoirí, mar aon le torthaí na dTastálacha Cumais Chognaíoch leis an scoil na daltaí úd a bhféadfadh tacaíocht bhreise a bheith ag teastáil uathu ag leibhéal na hIarbhunscoile a aithint.

I gcás dalta bunscoile a bhfuil uaireanta acmhainne ceadaithe dó nó di ag an Roinn Oideachais, ní aistreofar an teidlíocht seo go huathoibríoch nuair a aistríonn siad go dtí an Iarbhunscoil. Déantar iarratas nua agus ní i gcónaí a éiríonn leo.

Tá clár Ionduchtaithe cuimsitheach ann chun tacú le haistriú daltaí go Coláiste an Eachréidh.

Cuirtear seisiún faisnéise ar fáil do gach múinteoir faoi na daltaí Céad Bhliana a mbeidh siad á múineadh nó a mbeidh siad i dteagmháil leo. Is ceist íogair í, ar ndóigh, a mhéid a dtugtar faisnéis rúnda do mhúinteoirí aonair. Tá sé tábhachtach mar sin féin go bhfuil an méid is mó

faisnéise agus is féidir ag múinteoirí maidir leis na daltaí a mhúineann siad má tá siad le cion tairbhe a dhéanamh don timpeallacht foghlama is fearr dóibh.

6 (b) Daltaí a aistríonn go Grúpaí Bliana eile
Nuair a ghlactar le dalta i gColáiste an Eachréidh le dul isteach i ngrúpa bliana seachas sa Chéad Bhliain, iarrtar faisnéis ón scoil a raibh siad inti roimhe sin mar atá leagtha amach i bPolasaí Rollaithe an Choláiste. Cuirtear an fhaisnéis seo ar aghaidh chuig an gCeann Bliana agus an Comhordaitheoir Riachtanais Speisialta más cuí.

7. Aithint Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu
Aitheantas sa Scoil:

Tá an múinteoir ábhair freagrach ar an gcéad dul síos as oideachas na ndaltaí ar fud na scoile. Ba cheart go mbeadh gach múinteoir ar an eolas faoi na daltaí sin a bhfuil an chosúlacht orthu go mbeidh deacrachtaí foghlama acu. Is minic a réitítear riachtanais dalta trí obair éagsúlaithe atá oiriúnach dá riachtanais a chur ar fáil dóibh. I gcás na ndaltaí siúd ar ábhar imní i gcónaí a ndul chun cinn, d'fhéadfaí iad a chur ar atreo chuig an bhfoireann Riachtanais Speisialta Oideachais.

Ba cheart do Mhúinteoirí Ábhair atreo chuig an bhfoireann Riachtanais Speisialta Oideachais a dhéanamh ar an bhFoirm Atreoraithe agus ba cheart go mbeadh fianaise leis a thaispeánann nach bhfuil an dalta ag déanamh dul chun cinn, nó gur beag dul chun cinn atá á dhéanamh aige nó aici d'ainneoin go bhfuair sé nó sí deiseanna foghlama éasgúlaithe agus fiú nuair a díríodh cur chuige an mhúinteora ar réimse laigeachta an dalta atá aitheanta.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gcáipéisíocht agus teagmháil a dhéanamh leis na baill foirne ábhartha, d'fhéadfadh an fhoireann Riachtanais Speisialta Oideachais an cinneadh a dhéanamh nach bhfuil riachtanais an dalta ina n-údar dá rannpháirtíocht.

Má dhéanann an fhoireann Riachtanais Speisialta Oideachais an cinneadh go mbainfeadh an dalta leas as tuilleadh idirghabhála, déanfaidh siad measúnú ar an dalta ar bhonn neamhfhoirmeálta. Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas agus iarrfar a gcead sula ndéanfar aon mheasúnú. Déanfar cinneadh maidir leis an gcéad chéim eile i bhfianaise thoradh an mheasúnaithe sin.

D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh ar an measúnú nach bhfuil deacracht foghlama ag an dalta. Tacaítear le riachtanais an dalta sa chás sin trí na struchtúir atá ar fáil do gach dalta. Áirítear leo sin:

- Meantóireacht/monatóireacht a dhéanfaidh an Ceann Bliana
- Obair éagsúlaithe a fheileann dá riachtanais
- Athbhreithniú ar leibhéil iontrála do Scrúduithe Stáit
- Atreorú aontaithe do ghníomhaireacht sheachtrach

Má thugann toradh an mheasúnaithe le fios, áfach, go bhfuil deacracht foghlama ag an dalta, déanfar cinneadh ar an mbunús seo a leanas:

- Atreorú le haghaidh Measúnaithe Fhoirmeálta e.g. chuig an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais

- Níos mó am tacaíochta foghlama a leithdháileadh (is féidir é seo a leithdháileadh gan faomhadh na Roinne Oideachais trí úsáid a bhaint as córas tosaíochta dóibh siúd atá faoin 10ú peircintíl)

Próiséas Athreoraithe Tuismitheora

Nuair a chuireann tuismitheoir Príomhoide ar an eolas nach bhfuil dalta ag baint leasa as an ngnáthchlár oideachais atá curtha ar fáil ag an scoil, cuirfidh an Príomhoide tús, le faomhadh tuismitheora, leis an bpróiseas réamhscagtha (mar a cuireadh síos air thuas).

Chomh luath is a thagann an Príomhoide ar an tuairim go bhféadfadh Riachtanais speisialta oideachais a bheith ag an dalta, cuirfidh an Príomhoide an tuismitheoir ar an eolas maidir le measúnú cuí. Sonraítear san Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (2004) nach mór don Phríomhoide faoi deara plean oideachais a ullmhú don dalta laistigh de mhí amháin den mheasúnú a bheith faighte aige nó aici sa chás go ndearbhaítear le measúnú go bhfuil riachtanais speisialta oideachais ag dalta.

Próiseas comhairliúcháin agus comhoibrithe atá i gceist le Plean Oideachais don Dalta Aonair. Aithníonn sé láidreachtaí agus riachtanais reatha dalta. Socraíonn sé spriocanna fadtéarmacha agus gearrthéarmacha, aithníonn sé na hacmhainní atá ag teastáil agus ar fáil, leagann sé síos teorainneacha ama agus déanann sé measúnú tráthrialta ar dhul chun cinn. Ba cheart go mbeadh achoimre ann freisin ar Phlean Foghlama don Dalta Aonair (ILP) an dalta.

Rannpháirtíocht Tuismitheoirí
Leagann an scoil an-bhéim ar an bpáirtnéireacht le tuismitheoirí agus fáiltíonn sí i gcónaí roimh thuismitheoirí a bhfuil uathu a n-ábhar imní a chur in iúl. Tugtar cuireadh do thuismitheoirí agus moltar dóibh freastal ar aon chruinniú a bhaineann le dul chun cinn a mic/iníne. Is féidir le tuismitheoirí coinne a dhéanamh leis na comhordaitheoirí Riachtanais Speisialta Oideachais chun a n-ábhar imní a phlé. Tugtar spreagadh do thuismitheoirí aon saincheist nó ábhar imní a phlé leis an scoil a luaithe agus is féidir.

Aithníonn an scoil an fhreagracht atá uirthi faoi Alt 14 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004 chun:

- Tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas maidir le riachtanais speisialta oideachais a linbh agus ar an gcaoi a bhfuil aghaidh á thabhairt orthu.
- Dul i gcomhairle le tuismitheoirí maidir le gach cinneadh mór atá le déanamh maidir le hoideachas a linbh agus cuireadh a thabhairt dóibh a bheith páirteach ina leithéid de chinntí.
- Bíonn an Roinn Riachtanas Speisialta i dteagmháil go rialta le tuismitheoirí daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. D'fhéadfadh cruinniú nó glao teilfeafóin a bheith i gceist leis sin.

Déanann an Fhoireann Tacaíochta Riachtanais Speisialta Oideachais iarracht teagmháil a dhéanamh le gach tuismitheoir ar a laghad uair amháin gach leath-théarma.
Tá cruinniú amháin idir tuismitheoirí agus múinteoirí gach bliain ina gcuirtear deis ar fáil do thuismitheoirí casadh le gach múinteoir. Tá an Fhoireann Tacaíochta Riachtanais Speisialta Oideachais ar fáil do thuismitheoirí ar na tráthnónta sin.

8) Socruithe do Dhaltaí maidir le hAcmhainní/Tacaíocht Foghlama
I bhfianaise na sainmhínithe atá ábhartha don pholasaí seo, mar a chuirtear síos orthu sa Acht Oideachais 1998, an Bille um Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas 2003 agus an tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, measann an Scoil go bhfuil **tacaíocht foghlama** ag teastáil ó dhalta:

- má aithnítear é nó í a bheith ag an 10ú peircintíl nó níos ísle ar thriail chaighdeánaithe agus tar éis measúnú a bheith déanta ag na pearsanra proifisiúnta ábhartha.
- má tá ag teipeadh air nó uirthi sa scoil mar thoradh ar chúinsí sonracha pearsanta.

Sainmhínítear **riachtanais speisialta oideachais** a bheith ag dalta má tá **deacracht foghlama/fhisiciúil** aige nó aici, a eilíonn go gcuirfí tacaíocht ar fáil dó nó di. Tagraíonn sé seo go sonrach do:

- Daltaí a bhfuil míchumas acu a chuireann bac nó srian orthu úsáid a bhaint as na háiseanna oideachais a chuirtear ar fáil do dhaltaí atá ar chomhaois leo.
- Daltaí a bhfuil measúnú déanta ag síceolaí oideachais orthu tar éis na nósanna imeachta cearta a bheith leanta go bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus a bhfuil **tacaíocht acmhainne** faofa dóibh. Déanann an Roinn Oideachais agus Scileanna sainmhíniú air sin mar an dara peircintíl nó níos ísle agus bronnann sí uaireanta ar na daltaí sin dá réir.

Eagrúchán Acmhainne / Leithdháilte Tacaíochta Foghlama
Braitheann leithdháileadh acmhainne na scoile ar dhaltaí agus tá sé in ann athrú ó bhliain go bliain. Leagann an Fhoireann Tacaíochta Riachtanais Speisialta Oideachais amach é ag tús an chéad téarma.

8 (a) Nósanna imeachta maidir le tarraingt siar / múinteoireacht chomhoibríoch
Nuair atá measúnú agus cinneadh á dhéanamh maidir leis na daltaí sin a bhfuil múinteoireacht bhreise ag teastáil uathu agus na daltaí a d'fhéadfadh leas a bhaint as tacaíocht laistigh den chomhthéacs príomhshrutha, déantar breithniú ar na roghanna seo a leanas:

- Múinteoireacht Foirne (le forbairt)
- Múinteoireacht Tacaíochta
- Cúntóir Riachtanas Speisialta a bheith i ranganna faoi leith
- Tarraingt siar grúpa bhig
- Tarraingt siar an dalta aonair
- Laghdú curaclaim

Tá an tréimhse idirghabhála a mholtar do gach dalta ag brath ar nádúr agus ar mhéid a riachtanas indibhidiúil. Déantar athbhreithniú ar fhad an tsoláthair ag deireadh gach leath-théarma. Tá cásanna ann ina dteastaíonn tacaíocht ar bhunús gearrthéarmach agus ina bhfuil an dalta in ann filleadh ar an ngnáthchuraclam ina dhiaidh. Déantar gach cinneadh sa chomhthéacs sin a phlé le tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí ranga agus leis an dalta.

Déanann an Rannóg iarracht réimse stíleanna agus straitéisí múinteoireachta a sholáthar nuair atá siad ag obair le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Áirítear leo sin tacaíocht duine-le-duine, múinteoireacht foirne, agus obair le grúpaí beaga.

Tugtar spreagadh do mhúinteoireacht foirne nuair is cuí agus aithníonn an scoil an ról atá aici chun uilechuimsitheacht a chur chun cinn.

Déantar cinneadh maidir leis an gcineál cleachtais is fearr a fheileann i bhfianaise riachtanais indibhidiúla an dalta. Nuair atá siad ag déanamh cinneadh faoin gcaoi is fearr tacú le dalta ar bhealach comhbhách, cuireann an fhoireann riachtanais speisialta oideachais na nithe seo a leanas san áireamh:

- An clár atá i gceist
- Pearsantacht/mianta an dalta
- Moltaí ó chliniceoirí ábhartha

8 (b) Daltaí a bhaineann leas as curaclam laghdaithe
D'fhéadfadh sé a bheith tairbhiúil do dhalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige nó aici leas a bhaint as curaclam laghdaithe. Nuair atá na hacmhainní ar fáil, déanfaidh an Rannóg riachtanais speisialta iarracht amchlár an dalta a dhréachtadh ar bhealach a réiteoidh lena gcuraclam laghdaithe.

8 (c) Cóiríochtaí Réasúnacha
Socruithe ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh
Tiomsaíonn agus faomhann an scoil iarratais ar chóiríochtaí réasúnacha ag leibhéal an Teastais Shóisearaigh. Bunaítear iarratais ar pheircintílí mar a cuireadh síos air sa treoir.

Socruithe ag leibhéal na hArdteiste
Cabhraíonn an Scoil le tuismitheoirí agus daltaí an fhaisnéis atá iarrtha a thiomsú má dhéanann siad an cinneadh iarratas a leagan isteach le haghaidh Cóiríochtaí Réasúnacha. Is é NEPS (an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais) a dhéanann breithniú agus cinneadh i ndáil leis an ábhar sin. D'fhéadfaí agallamh a chur ar dhaltaí mar chuid den phróiseas iarratais.

9. Monatóireacht, Measúnú, Meastóireacht agus Tuairisciú
Déantar measúnú ar gach dalta ar bhonn leanúnach. Is féidir leis an measúnú a bheith foirmeálta, neamhfhoirmeálta, suimitheach nó foirmitheach.

Measúnú Foirmeálta
- Tógann daltaí atá ag dul isteach sa Chéad Bhliain na Trialacha Cumais Chognaíoch NFER (CAT 4) sa dara seachtain den Chéad Bhliain [Déantar an triail WRAT a riaradh freisin nuair a theastaíonn sé].
- Tógann daltaí scrúduithe na scoile féin i mí na Nollag agus ag deireadh na scoilbliana.
- Tuairiscítear grád measúnaithe leanúnach gach mí do thuismitheoirí daltaí sa Tríú Bliain, sa Chúigiú Bliain agus daltaí Ardteiste ar dhátaí atá socraithe i rith na scoilbhliana.
- Tógann daltaí Trialacha Inniúlachta Difreálaí (DAT) san Idirbhliain
- D'fhéadfadh proifisiúnaithe eile a oibríonn sa scoil measúnú foirmeálta a dhéanamh ar dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu [e.g. WRAT].

Measúnú Neamhfhoirmeálta
- Trialacha dheireadh an aonaid/na caibidle

- Ceistneoireacht sa seomra ranga
- Measúnú a dhéanamh ar obair bhaile/obair thionscadail
- D'fhéadfaí scileanna litearthachta agus uimhearthachta daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu a mheas.

Is ar an múinteoir ábhair ar an gcéad dul síos atá an fhreagracht as go leor gnéithe de mheasúnuithe foirmeálta agus neamhfhoirmeálta. Tá an Rannóg Treorach freagrach as eagrú na dtrialacha DAT agus CAT agus tugann an fhoireann tacaíochta Riachtanais Speisialta Oideachais tacaíocht dóibh. Tá múinteoirí Acmhainní/Tacaíocht Foghlama freagrach as trialacha litearthachta agus uimhearthachta a chur ar dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu.

Úsáid Sonraí Measúnaithe
Úsáidtear sonraí measúnaithe chun:
- Aird a tharraingt ar dhaltaí a bhfuil ardchumas acu/a bhfuil cumas níos ísle acu
- Próifíl a chruthú de ghrúpa ranga/grúpa bliana
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn daltaí

Sonraí Measúnaithe a Thaifeadadh
Taifeadann múinteoirí torthaí measúnaithe, idir foirmeálta agus neamhfhoirmeálta, sa Phleanálaí Múinteora a chuireann an scoil ar fáil gach bliain agus ar chóras riaracháin na Scoile. Déantar torthaí scrúduithe na scoile féin i mí na Nollag agus sa samhradh agus Tuairiscí Míosúla a thaifeadadh ar chóras riaracháin VS Ware na scoile agus tuairiscítear do thuismitheoirí iad.

Sonraí Measúnaithe a Thaifeadadh
Coinníonn Foireann Tacaíochta Riachtanais Speisialta Oideachais comhaid ar na daltaí a mbíonn siad ag obiar leo (daltaí Tacaíochta Foghlama agus Acmhainne). Beidh aon mheasúnú breise atá déanta ag na daltaí san áireamh sna comhaid sin.

Tá a fhios ag an scoil go bhfuil roinnt ábhar measúnaithe íogair agus caitear leis mar sin mar ábhar rúnda agus ní chuirtear ar fáil iad ach don phearsanra cuí. Scaipeann an Fhoireann Tacaíochta Riachtanais Speisialta Oideachais faisnéis ábhartha mar is cuí.

Socruithe Monatóireachta
Is ar an múinteoir ábhair ar an gcéad dul síos atá an fhreagracht monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an dalta. D'fhéadfadh múinteoirí ábhair dul i dteagmháil le comhordaitheoirí ábhair agus/nó le Teagascóirí Ranga má tá ábhar imní acu maidir le dalta ina ngrúpa. Má aithnítear go bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais ag dalta, beidh ról lárnach ag an bhFoireann Tacaíochta Riachtanais Speisialta Oideachais ó thaobh monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an dalta sin.

Measúnú
Déantar monatóireacht ar an gcaoi a bhfuil ag éirí le straitéisí idirghabhála ar bhonn leanúnach trí mheasúnú foirmeálta agus neamhfhoirmeálta. Téann an Rannóg Riachtanais Speisialta Oideachais i gcomhairle le daltaí, tuismitheoirí, leis an múinteoir agus le teagascóirí ranga nuair atá Pleananna Oideachais don Dalta Aonair á mbeartú agus á n-athbhreithniú acu.

10. Rannpháirtíocht Daltaí
Creideann an Scoil go mbaintear amach an toradh foghlama is fearr nuair a ghlacann daltaí le húinéireacht ar a bhfoghlaim féin.
Tugann an Rannóg Riachtanais speisialta oideachais deis do dhaltaí a bheith páirteach in iniúchtaí scileanna agus i gcomhráití maidir lena míchumas. Tugtar spreagadh go háirithe do dhaltaí sa tSraith Shinsearach glacadh le cur chuige réamhghníomhach agus neamhspleách dá gcuid oibre acadúla.

11. Naisc le Gníomhaireachtaí agus Seirbhísí Seachtracha
Tá sé mar aidhm ag an scoil tuilleadh nasc a fhorbairt le gníomhaireachtaí cosúil le:

- An tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta (SESS)
- An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)
- An Chomhairle Náisúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit
- An Oifig um Riachtanais speisialta oideachais
- An Oifig Oideachais agus Leasa
- Foireann Oibrithe Sóisialta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Seirbhís Tacaíochta Ghairmchlár na hArdteistiméireachta
- Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, lena n-áirítear: Síceolaithe, Síciatraithe, Péidiatraithe Comhairleacha, Cúram Altrama, Teiripeoirí Ceirde, Fisiteiripeoirí, Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga
- Seirbhísí Tacaíochta Mic Léinn Choláiste & Ollscoile
- Cumann Disléicse na hÉireann
- Aspire (tacaíocht Aspergers)
- An Cumann um Rochtain ar Ardoideachas agus Míchumas
- Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill
- Cumann Náisiúnta na mBodhar
- An tIonad Náisiúnta um Tháirgeadh Braille
- Cumann Tacaíochta Foghlama na hÉireann
- Cumann Múinteoirí Oideachais Speisialta na hÉireann
- An Cumann Diospraicse

Ní liosta uileghabhálach é seo agus forbróidh an scoil tuilleadh nasc le gníomhaireachtaí seachtracha de réir mar a éilíonn riachtanais na ndaltaí é.

Faomhaithe ag an mBord ar 17 Meitheamh 2014
Athbhreithniú: mar is gá, ach tráth nach déanaí ná Meitheamh 2016

Sínithe: P. Ó Suilleabháin
Pádraig Ó Suilleabháin (Cathaoirleach)

Coláiste an Eachréidh
17 JÚN 2014
Brian Ó Maoilchiaráin